COMHLACHAS
IDIR
AN tAONTAS EORPACH
AGUS IOSRAEL

An Chomhairle Comhlachais

An Bhruiséil, 25 Eanáir 2022
(OR. en)

UE-IL 2903/22

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | MOLADH Ó CHOMHAIRLE COMHLACHAIS AE-IOSRAEL lena bhformheastar an síneadh arna chur le Plean Gníomhaíochta AE-Iosrael [2022/…] |

**MOLADH UIMH. .../2022 Ó CHOMHAIRLE COMHLACHAIS AE-IOSRAEL**

**an ...**

**lena bhformheastar an síneadh arna chur le Plean Gníomhaíochta AE-Iosrael [2022/…]**

TÁ COMHAIRLE COMHLACHAIS AE-IOSRAEL,

Ag féachaint don Chomhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Stát Iosrael, den pháirt eile[1],

[1] IO CE L 147, 21.6.2000, lch. 3.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Síníodh an Comhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Stát Iosrael, den pháirt eile ('an Comhaontú Eora-Mheánmhara') sa Bhruiséil an 20 Samhain 1995 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2000.

(2) Le hAirteagal 69 den Chomhaontú Eora-Mheánmhara, tugtar an chumhacht don Chomhairle Comhlachais cinntí a ghlacadh agus moltaí iomchuí a dhéanamh.

(3) Déantar foráil le hAirteagal 10 de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle Comhlachais maidir leis an bhféidearthacht cinntí nó moltaí a ghlacadh trí bhíthin nós imeachta i scríbhinn idir na seisiúin, má chomhaontaíonn na Páirtithe go ndéanfar amhlaidh;

(4) Leis an síneadh 3 bliana a chuirtear ar Phlean Gníomhaíochta AE-Iosrael, beidh an deis ag na Páirtithe an comhar eatarthu a fhorbairt sna blianta amach rompu, lena n-áirítear trí chaibidlíocht a d'fhéadfaí a dhéanamh ar thosaíochtaí comhpháirtíochta,

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A LEANAS A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Molann an Chomhairle Comhlachais, ag gníomhú di trí bhíthin nós imeachta i scríbhinn, síneadh 3 bliana a chur le Plean Gníomhaíochta AE – Iosrael amhail ó lá glactha an Mholta.

*Airteagal 2*

Gabhfaidh an Moladh seo éifeacht ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa...,

*Thar ceann Chomhairle Comhairle AE- Iosrael*
*An tUachtarán*